Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8355/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0099 (NLE)**

**POLCOM 79**
**SERVICES 22**
**FDI 8**
**COASI 59**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn a mhéid a bhaineann le leasuithe ar an gComhaontú sin maidir le prionsabail bhunúsacha agus cearta bunúsacha ag an obair |

**CINNEADH (AE) …/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn a mhéid a bhaineann le leasuithe ar an gComhaontú sin maidir le prionsabail bhunúsacha agus cearta bunúsacha ag an obair**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn ('an Comhaontú')[1] i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2024/244 ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2024.

(2) De bhun Airteagal 24.2(2), pointe (i), den Chomhaontú, tá an Coiste um Thrádáil, arna bhunú le hAirteagal 24.1(1) den Chomhaontú in ann cinntí a ghlacadh chun an Comhaontú a leasú. De bhun Airteagal 24.3, pointe (j), den Chomhaontú, tá an Coiste um Thrádáil in ann cinntí a ghlacadh chun Airteagal 19.3(3) agus (4) den Chomhaontú, a bhaineann le caighdeáin agus comhaontuithe iltaobhacha saothair a leasú.

(3) De bhun Airteagal 19.3(4) den Chomhaontú, tá an Coiste um Thrádáil in ann cinneadh a ghlacadh, tráth nach déanaí ná a chéad chruinniú, chun Airteagal 19.3(3) den Chomhaontú a leasú chun a chur san áireamh go -áirítear timpeallacht oibre shábháilte shláintiúil i gcreat na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir leis na prionsabail bhunúsacha agus na cearta bunúsacha ag an obair.

---

1 IO L, 2024/866, 25.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2024/866/oj.

2 Cinneadh (AE) 2024/244 ón gComhairle an 27 Samhain 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn (IO L, 2024/244, 28.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/244/oj).

(4) Tá an Coiste um Thrádáil le cinneadh a ghlacadh, le linn a chéad chruinnithe, chun Airteagal 19.3(3) den Chomhaontú a leasú chun timpeallacht oibre shábháilte shláintiúil a chur leis an liosta de phrionsabail bhunúsacha agus cearta bunúsacha ag an obair san Airteagal sin i gcomhréir le Rún I[3] arna ghlacadh an 10 Meitheamh 2022 ag an 110ú Comhdháil Idirnáisiúnta Saothair. Ba cheart an tagairt do Dhearbhú EIS maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha ag an Obair in Airteagal 19.3(3) den Chomhaontú a thabhairt cothrom le dáta freisin chun é a ailíniú leis an leasú is déanaí a rinneadh ar an Dearbhú sin.

(5) Tar éis an leasaithe atá le déanamh ar Airteagal 19.3(3) den Chomhaontú, rachaidh an ráiteas san fhonóta a ghabhann le hAirteagal 19.3(5) go bhfuil coinbhinsiúin bhunúsacha EIS daingnithe ag na Ballstáit uile i léig. Dá bhrí sin, is iomchuí an fonóta sin a scriosadh.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil a bhunú, ós rud é go mbeidh an cinneadh ón gCoiste um Thrádáil a mhéid a bhaineann le leasuithe ar an gComhaontú maidir le prionsabail bhunúsacha agus cearta bunúsacha ag an obair ceangailteach ar an Aontas.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar sheasamh an Aontais sa Choiste um Thrádáil tacú le glacadh an dréachtchinnidh ón gCoiste um Thrádáil atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[3] Rún i ndáil le timpeallacht oibre shábháilte shláintiúil a chur le creat EIS maidir le prionsabail bhunúsacha agus cearta bunúsacha ag an obair (ILC.110/Rún I) https://www.ilo.org/sites/default/files/wcmsp5/groups/public/%40ed_norm/%40relconf/documents/meetingdocument/wcms_848632.pdf.

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an gcéad chruinniú den Choiste um Thrádáil arna bhunú le hAirteagal 24.1(1) den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn, beidh sé bunaithe ar Dhréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*